Parlaimint na hEorpa
2014-2019

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

2018/0081(COD)

15.10.2018

TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE ar chosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair
(COM(2018)0171 – C8-0130/2018 – 2018/0081(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Jiří Maštálka

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE ar chosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair, tá sé mar aidhm leis cosaint agus sábháilteacht do shláinte na n-oibrithe a fheabhsú trí nochtadh ag an obair do chúig oibreán cheimiceacha a laghdú. Tá measúnú tionchair ina thaca ag an togra seo.

Is í an ailse an phríomhchúis (53%) atá le básanna a bhaineann leis an obair in AE. Do na hoibrithe agus dá dteaghlaigh, ní hamháin go mbíonn caillteanas suntasach ann ó thaobh caighdeán maireachtála de mar thoradh ar ailse, ach chomh maith leis sin, bíonn costais chúraim sláinte dhíreacha agus indíreacha ann ó thaobh luach saothair reatha agus todhchaíoch de. Déanann ailse cheirde difear don gheilleagar i gcoitinne freisin, agus laghdaíonn sí soláthar agus táirgiúlacht saothair agus méadaíonn sí an t-ualach ar chistí poiblí trí chaiteachas poiblí ar chúram sláinte agus ar shochair eile, ar caiteachas é a d'fhéadfaí a sheachaint. Ar deireadh, cruthaíonn ailse cheirde costais athsholáthair ó thaobh foirne gnólachtaí de, caillteanais táirgiúlachta agus an gá le pá níos airde a íoc chun an riosca ceirde níos airde a chúiteamh.

Dheimhnigh na páirtithe sóisialta, na heagraíochtaí oibrithe agus fostóirí go bhfuil na cúig charcanaigin seo a leanas, a roghnaíodh don tríú leasú ar Threoir 2004/37/CE maidir le cosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair, an-ábhartha maidir le hoibrithe a chosaint agus mhol siad don Choimisiún leanúint den obair ullmhúcháin chun teorainnluachanna nochta ceirde ("OELanna") a bhunú le haghaidh na nithe seo a leanas:

1. Caidmiam agus a chomhdhúile neamhorgánacha faoi raon feidhme na Treorach
2. Beirilliam agus a chomhdhúile neamhorgánacha beirilliam faoi raon feidhme na Treorach
3. Aigéad arsanaice agus a shalainn, chomh maith le comhdhúile neamhorgánacha arsanaice faoi raon feidhme na Treorach
4. Formaildéad
5. 4,4'-Meitiléin-bis(2-clóranailín) ("MOCA").

Socraítear roinnt ceanglais íosta ghinearálta sa Treoir chun nochtadh le haghaidh na gcarcanaiginí agus na só-ghineach ar fad atá faoina raon feidhme a dhíothú nó a laghdú. Ní mór d'fhostóirí rioscaí i leith oibrithe a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí agus do shó-ghineacha sonracha sa láthair oibre a shainaithint agus a mheas, agus ní mór dóibh nochtadh a chosc i gcás inarb ann do rioscaí.

Tá an tionscnamh seo le haghaidh modhnú ar Threoir 2004/37 i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Déantar an 10ú prionsabal dá chuid "Healthy, safe and well-adapted work environment" [Timpeallacht oibre fholláin shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart] a chur chun feidhme leis sin, rud a chuireann go díreach le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar ardleibhéal. Ina theannta sin, sainaithníodh nuachóiriú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil trí OELanna nuashonraithe a shocrú le haghaidh nochtadh do charcanaiginí agus do shó-ghineacha ina phríomhthosaíocht i réimse na sábháilteachta agus na sláinte ceirde (OSH) sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Safer and Healthier Work for All" [Obair níos Sábháilte agus níos Folláine do Chách] ó mhí Eanáir 2017.

De réir na meastachán, is éard a bheadh i gceist le glacadh an togra ná go mbainfeadh breis is 1 000 000 oibrí AE tairbhe as cosc agus cosaint fheabhsaithe i ndáil le nochtadh ceirde do shubstaintí carcanaiginí agus só-ghineacha, rud a d'fhéadfadh a bheith mar bhunphointe do chineálacha éagsúla ailsí agus chuirfí cosc ar 22 000 cás drochshláinte.

Tacaíonn an Rapóirtéir go láidir leis an togra thuasluaite, le roinnt leasuithe, a bhfuil sé mar aidhm leo den chuid is mó béim a chur ar an ngá atá le forbhreathnú agus nuashonrú rialta i dtaca le haon charcanaigin nó só-ghineach ionchasach, a chuirfear san áireamh sa liosta - bunaithe ar dháta eolaíoch. Creideann an Rapóirtéir freisin go gcumhdófar gach substaint, a d'fhéadfadh riosca na n-ailsí ceirde a mhéadú, le reachtaíocht AE.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Foráiltear i ***bPrionsabal 10*** de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[43], arna fhógairt ag Göteborg an 17 Samhain 2017, go bhfuil an ceart ag gach oibrí chun timpeallacht oibre atá folláin, sábháilte agus curtha in oiriúint i gceart. Maidir leis an gceart chun ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta ag an obair agus leis an gceart chun timpeallacht oibre atá curtha in oiriúint do riachtanais ghairmiúla oibrithe agus lenar féidir leo cur lena rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, cuirtear cosaint ar charcanaiginí agus ar shó-ghineacha ag an láthair oibre san áireamh.	(1) ***Is ceann de phríomhchuspóirí beartais shóisialta an Aontais Eorpaigh é ilroinnt shóisialta agus dumpáil shóisialta a sheachaint san Eoraip trí chóineasú athnuaite i dtreo caighdeáin mhaireachtála agus oibre níos fearr san Aontas. Chomh maith leis sin, is ceann de na príomhchuspóirí é atá i*** gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, arna fhógairt ag Göteborg an 17 Samhain 2017, ***a bhforáiltear le Prionsabal 10 de*** go bhfuil an ceart ag gach oibrí chun timpeallacht oibre atá folláin, sábháilte agus curtha in oiriúint i gceart. Maidir leis an gceart chun ardleibhéal cosanta sláinte agus sábháilteachta ag an obair agus leis an gceart chun timpeallacht oibre atá curtha in oiriúint do riachtanais ghairmiúla oibrithe agus lenar féidir leo cur lena rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, cuirtear cosaint ar charcanaiginí agus ar shó-ghineacha ag an láthair oibre san

áireamh.

[43] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Samhain 2017, https://ec.europa.eu/commission/priorities/deeper-and-fairer-economic-and-monetary-union/european-pillar-social-rights_en

[43] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Samhain 2017, https://ec.europa.eu/commission/priorities/deeper-and-fairer-economic-and-monetary-union/european-pillar-social-rights_en

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) I gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ráthaítear, go háirithe, an ceart bunúsach chun beatha in Airteagal 2, agus an ceart chun dálaí oibre cothroma agus córa i ndáil le sláinte, sábháilteacht agus dínit faoi mhír 1 d'Airteagal 31.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1b) Le hAirteagal 153, Airteagal 154 agus Airteagal 155 CFAE, bunaítear raon feidhme agus údarás na bpáirtithe sóisialta caibidlíocht a dhéanamh maidir le comhaontuithe a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht cheirde agus iad a fhorfheidhmiú.

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ***Is é is aidhm do*** Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] oibrithe ***a chosaint ar rioscaí dá*** sláinte agus dá sábháilteacht a thagann as nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ar an láthair oibre. Déantar foráil i dTreoir 2004/37/CE maidir le leibhéal comhsheasmhach cosanta ar na rioscaí a bhaineann le carcanaiginí agus le só-ghineacha trí chreat prionsabal ginearálta ionas gur féidir leis na Ballstáit cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas íosta a áirithiú. I dtaca leis na ***socruithe ginearálta a bhaineann le hoibrithe a chosaint*** a bunaíodh faoi Threoir 2004/37/CE, ***is*** gnéithe tábhachtacha díobh sin na teorainnluachanna ceangailteacha nochta ceirde a bunaíodh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, indéantacht eacnamaíoch, measúnú críochnúil ar an tionchar socheacnamaíoch agus prótacail agus teicnící a bheith ar fáil ag an láthair oibre maidir le nochtadh a thomhas. Is é is aidhm do na ceanglais íosta dá bhforáiltear i ***dTreoir 2004/37/CE*** oibrithe a chosaint ar leibhéal an Aontais. Is féidir leis na Ballstáit teorainnluachanna níos déine nochta ceirde a leagan síos.	(2) ***Is é atá mar aidhm leis na leasuithe ar*** Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] ***dá bhforáiltear sa Treoir seo ná bearta sláinte níos éifeachtaí a thabhairt isteach agus cosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe ó nochtadh do charcanaiginí agus só-ghineacha ag an obair a fheabhsú agus a neartú i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim.*** Déantar foráil i dTreoir 2004/37/CE maidir le leibhéal comhsheasmhach cosanta ar na rioscaí a bhaineann le carcanaiginí agus le só-ghineacha trí chreat prionsabal ginearálta ionas gur féidir leis na Ballstáit cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas íosta a áirithiú. Teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ceirde a bunaíodh ar bhonn na faisnéise infhaighte ***reatha***, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, indéantacht eacnamaíoch, measúnú críochnúil ar an tionchar socheacnamaíoch agus infhaighteacht prótacal agus teicnící maidir le nochtadh a thomhas ag an láthair oibre***. Tá sé bunriachtanach go ndéanfaí forbhreathnú leanúnach, athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar na*** gnéithe tábhachtacha ***sin arna mbunú le Treoir 2004/37/CE i bhfianaise na staidéar agus na sonraí eolaíocha is déanaí***. Is é is aidhm do na ceanglais íosta dá bhforáiltear i ***dTreoir 2004/37/CE*** oibrithe a chosaint ar leibhéal an Aontais. Is féidir leis na Ballstáit teorainnluachanna níos déine nochta ceirde a leagan síos.
[44]Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (An séú Treoir aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón	[44]Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (An séú Treoir aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón

gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).	gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).
Leasú 5	
Togra le haghaidh Treorach **Aithris 3**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Is cuid de bhainistiú riosca faoi Threoir 2004/37/CE na teorainnluachanna nochta ceirde. Tá comhlíonadh na dteorainnluachanna sin gan dochar do na hoibeagáidí eile atá ar fhostóirí de bhun Threoir 2004/37/CE, amhail úsáid carcanaiginí agus só-ghineacha ag an láthair oibre a laghdú, nochtadh oibrithe do charcanaiginí nó do shó-ghineacha a chosc nó a laghdú, agus na bearta ba cheart a chur chun feidhme chun na críche sin. A mhéid is féidir go teicniúil, ba cheart a áireamh ar na bearta sin substaint, meascán nó próiseas a chur in ionad na carcanaigine nó an tsó-ghinigh nach bhfuil contúirteach nó a bhfuil contúirt is lú ag baint leis do shláinte oibrithe, córas dúnta a úsáid, nó bearta eile arb é is aidhm dóibh leibhéal nochta oibrithe a laghdú. Sa chomhthéacs sin, tá sé bunriachtanach go gcuirfí prionsabal an réamhchúraim san áireamh i gcás éiginnteachtaí.	(3) Is cuid de bhainistiú riosca faoi Threoir 2004/37/CE na teorainnluachanna nochta ceirde***. Ba cheart athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh ar na teorainnluachanna i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim, prionsabal cosanta na n-oibrithe agus i bhfianaise na staidéar agus na sonraí teicniúla eolaíocha is déanaí atá ar fáil maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar fheabhas a chur ar theicnící tomhais, bearta bainistithe riosca, agus tosca ábhartha eile***. Tá comhlíonadh na dteorainnluachanna sin gan dochar do na hoibleagáidí eile atá ar fhostóirí de bhun Threoir 2004/37/CE, amhail úsáid carcanaiginí agus só-ghineacha ag an láthair oibre a laghdú, nochtadh oibrithe do charcanaiginí nó do shó-ghineacha a chosc nó a laghdú, agus na bearta ba cheart a chur chun feidhme chun na críche sin. A mhéid is féidir go teicniúil, ba cheart a áireamh ar na bearta sin substaint, meascán nó próiseas a chur in ionad na carcanaigine nó an tsó-ghinigh nach bhfuil contúirteach nó a bhfuil contúirt is lú ag baint leis do shláinte oibrithe, córas dúnta a úsáid, nó bearta eile arb é is aidhm dóibh leibhéal nochta oibrithe a laghdú. Sa chomhthéacs sin, tá sé bunriachtanach go gcuirfí prionsabal an réamhchúraim san áireamh i gcás éiginnteachtaí.

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) I dtaca le formhór na gcarcanaiginí agus na só-ghineach, ní féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha ann i gcás nochtadh ar leibhéal atá faoina mbun. Cé nach ndéantar rioscaí do shláinte agus sábháilteacht oibrithe a dhíothú trí na teorainnluachanna a leagan síos ag an láthair oibre i ndáil le carcanaiginí agus le só-ghineacha de bhun Threoir 2004/37/CE , ar rioscaí iad a eascraíonn as nochtadh ag an obair (riosca iarmharach), ní beag an cúnamh sin, mar go laghdaítear go mór na rioscaí a eascraíonn as an nochtadh sin a bhuí leis an gcur chuige céim ar chéim lena leagtar síos spriocanna de bhun Threoir 2004/37/CE. ***I dtaca le carcanaiginí agus le só-ghineacha eile, is féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeifear ag súil le héifeachtaí díobhálacha i gcás nochtadh ar leibhéal atá faoina mbun.***	(4) I dtaca le formhór na gcarcanaiginí agus na só-ghineach, ní féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha ann i gcás nochtadh ar leibhéal atá faoina mbun. Cé nach ndéantar rioscaí do shláinte agus sábháilteacht oibrithe a dhíothú trí na teorainnluachanna a leagan síos ag an láthair oibre i ndáil le carcanaiginí agus le só-ghineacha de bhun Threoir 2004/37/CE , ar rioscaí iad a eascraíonn as nochtadh ag an obair (riosca iarmharach), ní beag an cúnamh sin, mar go laghdaítear go mór na rioscaí a eascraíonn as an nochtadh sin a bhuí leis an gcur chuige céim ar chéim lena leagtar síos spriocanna de bhun Threoir 2004/37/CE.

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Neartaítear cosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe ina láthair oibre leis an Treoir seo. Ba cheart teorainnluachanna nua a leagan amach i dTreoir 2004/37/CE i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla nua agus dea-chleachtais, teicnící agus prótacail fhianaise-bhunaithe maidir le leibhéil nochta a thomhas ar an láthair	(6) Neartaítear ***leibhéal cosanta oibrithe chun feabhas a chur ar a*** sláinte agus sábháilteacht ina láthair oibre leis an Treoir seo. Ba cheart teorainnluachanna nua a leagan amach i dTreoir 2004/37/CE i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla nua agus dea-chleachtais, teicnící agus prótacail fhianaise-bhunaithe maidir le

oibre. Ar an bhfaisnéis, ba cheart, más féidir, sonraí maidir le rioscaí iarmharacha do shláinte oibrithe a áireamh, moltaí maidir leis an gCoiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde (SCOEL) agus tuairimí an Choiste um Measúnú Riosca (RAC) de chuid na Gníomhaireachta Eorpa Ceimiceán (ECHA), chomh maith le tuairimí ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH). I dtaca le faisnéis a bhaineann le riosca iarmharach agus a chuirtear ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais, ní beag an éadáil sin i ndáil lena ndéanfar amach anseo ar mhaithe le teorainn a chur leis na rioscaí a eascraíonn as nochtadh ceirde do charcanaiginí agus do shó-ghineacha. Ba cheart trédhearcacht faisnéise ***den sórt sin*** a spreagadh a thuilleadh.

leibhéil nochta a thomhas ar an láthair oibre. Ar an bhfaisnéis, ba cheart, más féidir, sonraí maidir le rioscaí iarmharacha do shláinte oibrithe a áireamh, moltaí maidir leis an gCoiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde (SCOEL) agus tuairimí an Choiste um Measúnú Riosca (RAC) de chuid na Gníomhaireachta Eorpa Ceimiceán (ECHA), chomh maith le tuairimí ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH). I dtaca le faisnéis a bhaineann le riosca iarmharach agus a chuirtear ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais, ní beag an éadáil sin i ndáil lena ndéanfar amach anseo ar mhaithe le teorainn a chur leis na rioscaí a eascraíonn as nochtadh ceirde do charcanaiginí agus do shó-ghineacha. ***Ba cheart spreagadh breise a thabhairt do bhearta lena ráthófar*** trédhearcacht ***mar aon le cosc agus feachtais*** faisnéise ***ar leibhéal an Aontais.***

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ina theannta sin, is gá breithniú a dhéanamh ar chonairí ionsúcháin eile seachas ionanálú i gcás na gcarcanaiginí agus na só-ghineach uile, lena n-áirítear go bhféadfaidís dul tríd an gcraiceann, chun an leibhéal cosanta is fearr is féidir a áirithiú. Is céim bhreise iad na leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE dá bhforáiltear sa Treoir seo i bpróiseas fadtéarmach ar cuireadh tús leis chun Treoir 2004/37/CE a thabhairt cothrom le dáta.	(7) Ina theannta sin, ***i bhfianaise sonraí eolaíocha,*** is gá breithniú a dhéanamh ar chonairí ionsúcháin eile seachas ionanálú i gcás na gcarcanaiginí agus na só-ghineach uile, ***i bhfianaise na mbarúlacha maidir leis an bhféidearthacht go rachaidís*** tríd an gcraiceann - ***go nithiúil trí nodaireacht craicinn, mothálacht chraicinn nó conairí riospráide níos mó agus íogrú riospráide agus craicinn*** - chun an leibhéal cosanta is fearr is féidir a áirithiú. Is céim bhreise iad na leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE dá bhforáiltear sa Treoir seo i bpróiseas fadtéarmach ar cuireadh tús leis chun Treoir 2004/37/CE a

thabhairt cothrom le dáta.

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Trí theorainneacha AE do nochtadh do charcanaiginí agus so-ghineacha ag an obair a leagan síos, meastar go rannchuideofar go héifeachtach le cosc fadhbanna sláinte suntasacha agus ailse agus, thairis sin, go ndéanfar caighdeán maireachtála agus folláine oibrithe agus na ndaoine thart timpeall orthu a fheabhsú, agus go gcuirfear le fad an tsaoil oibre, as a n-eascróidh táirgiúlacht agus iomaíocht mhéadaithe in AE agus cabhrófar le cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí in AE.

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Maidir le caidmiam, d'fhéadfadh sé gur dheacair cloí le teorainnluach 0,001 mg/m3 i roinnt earnálacha sa ghearrthéarma. Ba cheart, dá bhrí sin, idirthréimhse ***seacht*** mbliana a thabhairt isteach ar lena linn ba cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach de 0,004 mg/m3.	(12) Maidir le caidmiam, d'fhéadfadh sé gur dheacair cloí le teorainnluach 0,001 mg/m3 i roinnt earnálacha sa ghearrthéarma. Ba cheart, dá bhrí sin, idirthréimhse ***cúig*** bliana a thabhairt isteach ar lena linn ba cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach de 0,004 mg/m3.

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Maidir le beirilliam, d'fhéadfadh sé gur dheacair cloí le teorainnluach 0,0002 mg/m3 i roinnt earnálacha sa ghearrthéarma. Ba cheart, dá bhrí sin, idirthréimhse ***cúig bliana*** a thabhairt isteach ar lena linn ba cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach 0,0006 mg/m3.	(14) Maidir le beirilliam, d'fhéadfadh sé gur dheacair cloí le teorainnluach 0,0002 mg/m3 i roinnt earnálacha sa ghearrthéarma. Ba cheart, dá bhrí sin, idirthréimhse ***ceithre*** bliana a thabhairt isteach ar lena linn ba cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach 0,0006 mg/m3.

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) Tá dóthain fianaise ann maidir le carcanaigineacht astaíochtaí sceite innill díosail. Tá sceitheadh innill díosail curtha in aicme charcanaigineach (Grúpa 1) ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse do dhaoine daonna in 2012, bunaithe ar fhianaise leordhóthanach go bhfuil baint ag nochtadh le riosca méadaithe ó thaobh ailse scamhóg de. Tá cáilíocht agus cainníocht na n-astaíochtaí díosail agus na rioscaí ailse gaolmhara laghdaithe ag teicneolaíocht nua i dtaca le hinnill díosail ach níor díothaíodh iad. Mar gheall ar fhad na hidirthréimhse chun aistriú ó shean-teicneolaíocht díosail go teicneolaíocht nua, meastar go mbeidh nochtadh coimhdeachtach d'astaíochtaí sceite ó shean-innill díosail agus innill nua ag an obair go ceann blianta fada fós. Is le próiseas a ghintear astaíochtaí sceite innill díosail agus, dá bhrí sin, ní bhíonn siad faoi réir a n-aicmithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, ba cheart teorainnluach a bhunú le haghaidh astaíochtaí sceite innill díosail. Is iomchuí dá bhrí sin obair a bhfuil baint aici le nochtadh d'astaíochtaí sceite innill díosail a chur san áireamh in Iarscríbhinn I agus teorainnluach a bhunú d'astaíochtaí sceite innill díosail in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE. Ba cheart go gcumhdódh na hiontrálacha in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin múch ó gach cineál innill díosail agus dá bhrí sin, beidh siad gan beann ar astaíochtaí sceite a bheith ag teacht ó shean-innill díosail nó innill díosail nua. Aithnítear gur comhartha ábhartha de nochtadh d'astaíochtaí sceite innill díosail é carbón eiliminteach.

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 18 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(18b) Sásaíonn hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha (PAH) áirithe na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus dá bhrí sin is carcanaiginí iad de réir mar atá sainmhínithe i dTreoir 2004/37/CE. Tig leis an nochtadh do mheascáin den sórt sin tarlú agus obair a bhaineann le próisis dócháin ar siúl, amhail ó dhóchán sceite innill, agus próisis dócháin ardteochta, i measc nithe eile. Ba cheart iontráil 2 atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a mhéadú dá bhrí sin chun cásanna nochta ceirde eile a chumhdach, ina nochtar oibrithe do na substaintí sin nó dá meascáin. Thairis sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is**

	iomchuí teorainnluach a bhunú do mheascáin PAHanna le beinsi[a]piréin mar chomhartha i gcuid A.

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a) Ar an gcaoi chéanna, léirítear le measúnú fadtéarmach ar bhreisluach chur chun feidhme na Treorach seo, go bhfeabhsófar dálaí oibre do níos mó ná 1 000 000 oibrí in AE agus go gcuirfear cosc ar níos mó ná 22 000 breoiteacht cheirde.

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Beidh na teorainnluachanna a leagtar amach sa Treoir seo á n-athbhreithniú chun comhsheasmhacht le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] a áirithiú, go háirithe chun an idirghníomhaíocht a chur san áireamh idir na teorainnluachanna a leagtar amach faoi Threoir 2004/37/CE agus leibhéil gan éifeacht a dhíorthaítear do cheimiceáin ghuaiseacha faoin Rialachán sin chun oibrithe a chosaint go héifeachtach.	(21) Beidh na teorainnluachanna a leagtar amach sa Treoir seo á ***bhfíorú agus á bhfaire go leanúnach agus á*** n-athbhreithniú ***go rialta*** chun comhsheasmhacht le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] a áirithiú, go háirithe chun an idirghníomhaíocht a chur san áireamh idir na teorainnluachanna a leagtar amach faoi Threoir 2004/37/CE agus leibhéil gan éifeacht a dhíorthaítear do cheimiceáin ghuaiseacha faoin Rialachán sin chun oibrithe a chosaint go héifeachtach.
[50] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh	[50] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh

Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).	Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a) Le comhlíonadh na n-idirthréimhsí a leagtar síos sa Treoir seo, ceadaítear glacadh beart iomchuí chun aon fhorbairt nua a thuar agus chun infheistíochtaí a phleanáil chun aon iarmhairtí díobhálacha do ghnólachtaí nó d'oibrithe a sheachaint. I gcás FBManna, mar shampla, cuideoidh idirthréimhsí maidir le substaintí áirithe leo dul i ngleic le dúshláin shonracha theicniúla ar bith agus infheistíochtaí a phleanáil fada go leor roimh ré.

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír -1 (nua)
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn I – pointe 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirtear an pointe seo a leanas le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE:
	"5a. Obair ina bhfuil nochtadh

d'astaíochtaí sceite innill díosail"

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír -1 a (nua)
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn I – pointe 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirtear an pointe seo a leanas le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE:
	"5b. Obair ina bhfuil nochtadh do hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha atá i súiche guail, tarra guail nó pic ghuail agus obair ina bhfuil nochtadh do hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha charcanaigineacha, go háirithe i bpróiseas dócháin ar bith, amhail ó dhóchán sceite innill agus próisis dócháin ardteochta, i measc nithe eile."

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn III – pointe A – tábla – colún "Bearta idirthréimhseacha" – ró 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Teorainnluach 0,004 mg/m3 go dtí xx yyyy 202z [***7*** mbliana]	Teorainnluach 0,004 mg/m3 go dtí xx yyyy 202z [***5*** bliana]

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn III – pointe A – tábla – colún "Bearta idirthréimhseacha" – ró 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Teorainnluach 0,0006 mg/m3 go dtí xx yyyy 202z [***5*** bliana]	Teorainnluach 0,0006 mg/m3 go dtí xx yyyy 202z [***4*** bliana]

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn III – pointe A – tábla – colún "Ainm an oibreáin" – ró 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Meascáin de hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha ina bhfuil beinsi[a]piréin ar carcanaiginí iad de réir bhrí na Treorach

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn III – pointe A – tábla – colún "Teorainnluachanna" – colún "8 n-uaire an chloig" – "mg/m^3" – ró 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	0,00007[10a]
	[10a] beinsi[a]piréin mar chomhartha de thiúchan PAH iomlán

Réasúnú

Cuirtear an leibhéal sin i bhfeidhm sa Ghearmáin agus is é sin an cleachtas is fearr in AE faoi láthair.

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1

Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn III – pointe A – tábla – colún “Ainm an oibreáin” – ró 5b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Astaíochtaí sceite innill díosail

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn III – pointe A – tábla – colún “Teorainnluachanna” – colún “8 n-uaire an chloig” – “mg/m^3” – ró 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	0,000011[10b]

[10b] arna thomhas mar charbón eiliminteach

Réasúnú

Comhfhreagraíonn sé sin do 4 bhás in aghaidh 100 000 duine, le haghaidh 40 bliain de nochtadh ceirde, de réir mar a ríomh Coiste Saineolaithe na hÍsiltíre maidir le Sábháilteacht Cheirde. Níor cheart oibrithe a nochtadh d’astaíochtaí sceite innill díosail ar leibhéil níos airde ná na leibhéil chúlra.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair
Tagairtí	COM(2018)0171 – C8-0130/2018 – 2018/0081(COD)
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 16.4.2018
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 16.4.2018
Rapóirtéir Dáta an cheapacháin	Jiří Maštálka 23.4.2018
Pléite sa choiste	3.9.2018
Dáta an ghlactha	10.10.2018
Toradh na vótála críochnaithí	+: 22 –: 0 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Max Andersson, Joëlle Bergeron, Jean-Marie Cavada, Kostas Chrysogonos, Mady Delvaux, Rosa Estaràs Ferragut, Enrico Gasbarra, Lidia Joanna Geringer de Oedenberg, Heidi Hautala, Sylvia-Yvonne Kaufmann, Gilles Lebreton, António Marinho e Pinto, József Szájer, Axel Voss, Francis Zammit Dimech, Tadeusz Zwiefka
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Geoffroy Didier, Pascal Durand, Angel Dzhambazki, Angelika Niebler, Virginie Rozière, Tiemo Wölken

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

22	+
ALDE	Jean-Marie Cavada, António Marinho e Pinto
ECR	Angel Dzhambazki
EFDD	Joëlle Bergeron
ENF	Gilles Lebreton
GUE/NGL	Kostas Chrysogonos
PPE	Geoffroy Didier, Rosa Estaràs Ferragut, Angelika Niebler, József Szájer, Axel Voss, Francis Zammit Dimech, Tadeusz Zwiefka
S&D	Mady Delvaux, Enrico Gasbarra, Lidia Joanna Geringer de Oedenberg, Sylvia-Yvonne Kaufmann, Virginie Rozière, Tiemo Wölken
VERTS/ALE	Max Andersson, Pascal Durand, Heidi Hautala

0	-

0	0

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh